# An Fiosraitheoir

## Tasc 1: Ag Fiosrú Focal

1. Cé acu thíos atá ar comhchiall le **fosta**?
   (a) Fíochmhar
   (b) Géar
   (c) Chomh maith

2. Tá an focal **mórán** i bparagraf 3. An bhfuil dóigh eile leis seo a rá?

3. Cé acu thíos atá contrártha le **deiridh**?
   (a) Beag
   (b) Tosaigh
   (c) Mór

4. Feoiliteoir a bhí sa *Tyrannosaurus Rex*. Ainmnigh 3 ainmhí nach n-itheann ach feoil amháin.

## Tasc 2: Ag Fiosrú Feasa

1. Cad é ábhar an téacs seo go príomha?

2. Cad é a thaitin leat faoin téacs seo?

3. Luaigh rud amháin suimiúil a d'fhoghlaim tú ón téacs seo.

4. Cad é mar atá a fhios againn gur mhair na dineasáir ar chor ar bith, do bharúil?

5. Cad é mar a bheadh an domhan sa lá atá inniu ann dá mbeadh na dineasáir beo go fóill?

cea
Rewarding Learning

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

11 Na Dineasáir

Foilseachán de chuid CCEA © 2016

Curaclam Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana



# Na Dineasáir

# Na Dineasáir

Fadó fadó, sula raibh daoine ann, bhí ainmhithe millteanach mór ag siúl thart ar an domhan. Dineasáir a bhí iontu. Bhí dineasáir éagsúla ann mar an *Tyrannosaurus Rex*, an *Stegosaurus* agus an *Triceratops*. Bhí cuid de na dineasáir beag, cuid acu measartha mór agus cuid acu ollmhór. Síleann muid gurb é an *Brachiosaurus* an dineasár is airde. Creideann na heolaithe go raibh an *Brachiosaurus* 20 méadar ar airde. Is é an *Microraptor* an dineasár is lú agus é 30 ceintiméadar ar airde. Chaith an *Microraptor* an t-am ar fad sna crainn.

Nuair a bhí ocras ar na dineasáir, d'ith cuid acu plandaí agus d'ith cuid acu feoil. Feoiliteoirí a thugtar ar na dineasáir a d'ith feoil agus bhí fiacla móra géara acu. Luibhiteoirí a thugtar ar na dineasáir a d'ith plandaí agus bhí a gcuid fiacla maol.

Feoiliteoir a bhí sa *Tyrannosaurus Rex*. Bhí sé idir 4.5 méadar agus 6 mhéadar ar airde agus shiúil sé ar a dhá chos **deiridh**. Bhí a dhá chos tosaigh iontach beag agus ní raibh sé ábalta **mórán** a dhéanamh leo ach b'fhéidir greim a fháil ar rudaí. Bhí ruball mór an-láidir air a d'úsáid sé nuair a bhí sé ag troid leis na dineasáir eile agus bhí sé ábalta é féin a chosaint leis **fosta**. Ba dhineasár fíochmhar é an *Tyrannosaurus Rex*.

Luibhiteoir a bhí sa *Stegosaurus*. Bhí sé thart faoi 3 mhéadar ar airde agus bhí thart faoi 3100 kg meáchain ann. Bhí spící ar a dhroim agus ar a ruball. Chuidigh na spící seo leis agus é ag iarraidh é féin a chosaint.

Níl dineasár ar bith le feiceáil sa lá atá inniu ann, ar ndóigh. Deir na heolaithe gur tháinig deireadh leo thart faoi 65 milliún bliain ó shin ach níl duine ar bith cinnte cén fáth ar tháinig deireadh leo. **Síleann** na heolaithe gur tháinig athrú ar an aimsir nuair a bhuail meitéar mór an domhan. Mar gheall air sin, tháinig athrú mór ar na séasúir agus d'éirigh an domhan iontach fuar. Deir siad chomh maith go bhfuair an chuid is mó de na dineasáir bás ag an am sin cionn is nár fhás na plandaí agus nach raibh rud ar bith le hithe acu. Cibé rud a tharla dóibh níl fágtha inniu ach na cnámha sa talamh agus ní fheicfidh muid arís iad.

# Ceisteanna

**1. Cé acu abairt thíos atá fíor?**
(a) Bhí na dineasáir beo na milliúin bliain ó shin
(b) Bhí na dineasáir uilig iontach mór
(c) Tá na dineasáir beo go fóill

**2. Cad é mar a chuidigh ruball mór leis an *Tyrannosaurus Rex*?**
(a) Bhí sé ábalta codladh níos fearr leis
(b) Bhí se ábalta seasamh leis
(c) Bhí sé ábalta dineasáir eile a bhualadh leis

**3. Feoiliteoir a bhí sa *Tyrannosaurus Rex* mar:**
(a) d'ith sé feoil amháin.
(b) d'ith sé plandaí amháin.
(c) d'ith sé sceallóga.

**4. Cén fáth a bhfuair na dineasáir bás?**
(a) D'éirigh siad sean
(b) Tháinig na daoine
(c) D'éirigh an domhan níos fuaire

**5. Cé acu abairt is fearr a chuireann síos ar an *Tyrannosaurus Rex*?**
(a) Bhí sé deas ciúin agus d'ith sé plandaí
(b) Dineasár fíochmhar a bhí ann a d'ith ainmhithe eile
(c) Feoiliteoir a bhí ann ach bhí sé iontach beag

**6. Cad é mar a fuair na dineasáir bás, do bharúil?**
(a) Mharaigh siad a chéile
(b) Fuair siad bás le hocras
(c) D'éirigh an domhan iontach te

**7. Tá an briathar síleann:**
(a) san aimsir chaite.
(b) san aimsir fháistineach.
(c) san aimsir láithreach.

**8. Cén sórt téacs é seo?**
(a) Neamhfhicsean
(b) Léirmheas
(c) Dráma